

Idirgraithe: Rete Ferroviaria Italiana SpA, Blufferies Srl

An chuid oibríochtúil

Maidir le Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92 ón gComhairle an 7 Nollaig 1992 lena ndéantar prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar a chur i bhfeidhm maidir le hiompar muirí laistigh de na Ballstáit (cabatáiste muirí), agus go háirithe, Airteagail 1(1) agus 4(1) de,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta arb é is cuspóir di glacadh le seirbhísí iompair mhuirí mar sheirbhísí iompair ar iarnród, nuair is toradh don ghlacadh sin an tseirbhís lena mbaineann a eisiáimh ó chur i bhfeidhm na rialacha maidir le soláthar poiblí is infheidhme maidir léi.

⁽¹⁾ IO C 391, 27.09.2021.

Breithiúnas na Cúirte (an Tríú Dlísheomra) an 13 Deireadh Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Cour de cassation – an Bheilg) – NY v Herios SARL

(Cás C-593/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 86/653/CEE – Airteagal 17(2)(a) – Gníomhairí tráchtála féinfhostaithe – Foirceannadh an chonartha gníomhaireachta ag an bpríomhaí – Cúiteamh an ghníomhaire – Slánaíocht dea-thola – Foghniomhaireacht – Teidlíocht an fhoghniomhaire chun cion den tslánaíocht dea-thola atá dlite don phríomhghníomhaire atá ag comhfhreagairt leis an gcliantacht arna tabhairt ag an bhfoghniomhaire)

(2022/C 463/16)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Cour de cassation

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: NY

Cosantóir: Herios SARL

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 17(2)(a) de Threoir 86/653/CEE ón gComhairle an 18 Nollaig 1986 maidir le comhordú dlíthe na mBallstát maidir le gníomhairí tráchtála féinfhostaithe,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

d'fhéadfadh an tslánaíocht dea-thola arna íoc ag an bpríomhaí leis an bpríomhghníomhaire a mhéad a bhaineann leis an gcliantacht arna tabhairt ag an bhfoghniomhaire a bheith ina bhuntáiste shubstaintiúil do shaoiste an phríomhghníomhaire. Mar sin féin, d'fhéadfaí a mheas nach bhfuil an íocaíocht slánaíochta dea-thola leis an bhfoghniomhaire cothromasach, de réir bhrí na forála sin, nuair a leanann an foghniomhaire lena ghníomhaíochtaí mar ghníomhaire tráchtála maidir leis na cliaint céanna agus maidir leis na táirgí céanna, ach i gcomhthéacs gaoil dhíreach leis an bpríomhaí, atá ag teacht in ionad an phríomhghníomhaire lena raibh sé gníomhach roimhe sin.

⁽¹⁾ IO C 502, 13.12.2021.